



An Bhruiséil, 18 Iúil 2016  
(OR. en)

11252/16

COASI 160	ECOFIN 706
ASIE 63	ENER 288
POLGEN 90	COMPET 423
RELEX 641	RECH 252
CFSP/PESC 623	JAI 679
CSDP/PSDC 451	CYBER 87
DEVGEN 169	IND 163
CLIMA 89	ENV 498
TRANS 303	CULT 65
WTO 217	CONOP 59

#### **TORADH NA nIMEACHTAÍ**

---

Ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 18 Iúil 2016

chuig: na toscaireachtaí

---

Uimh. an doic. 11319/16  
roimhe seo:

---

Ábhar: Straitéis an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an tSín  
- Conclúidí ón gComhairle (18 Iúil 2016)

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais i ndáil leis an tSín, a ghlac an Chomhairle ag an 3482ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl ar an 18 Iúil 2016.

**Dréachtchoclúidí ón gComhairle maidir le straitéis an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an tSín**

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an teachtaireacht chomhpháirteach ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún Eorpach dar teideal "Gnéithe de straitéis nua de chuid an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an tSín, lena gcuirtear ar fáil, in éineacht leis na conclúidí seo, creat beartais le haghaidh chaidreamh an Aontais leis an tSín sna blianta amach romhainn.
2. Feictear don Chomhairle go bhfuil deiseanna móra ann chun dul i gcomhar leis an tSín, go háirithe trí phoist agus fás a chruthú san Aontas Eorpach, agus trí pháirt a ghlacadh i bpróiseas athchóirithe na Síne ar bhealach lena n-áirithítear oscailteacht, cothroime iomaíochta agus buntáistí frithpháirteacha dáiríre. Ar aon dul leo sin tá deiseanna tábhachtacha ann chun obair a dhéanamh leis an tSín a mhéid a bhaineann le hearraí poiblí domhanda, forbairt inbhuanaithe agus slándáil idirnáisiúnta a chur chun cinn, agus le haghaidh a thabhairt ar dhúshlán dhomhanda agus réigiúnacha laistigh de na córais iltaobhacha.
3. Le Clár Oibre Straitéiseach 2020 idir an tAontas Eorpach agus an tSín, comhlíontar ról tábhachtach mar an doiciméad comhpháirteach atá ar an leibhéal is airde lena dtreoraítear an Chomhpháirtíocht Straitéiseach Chuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus an tSín. Le straitéis an Aontais i ndáil leis an tSín, cuirtear leasanna an Aontais féin mar aon le luachanna uilíocha chun cinn; aithnítear léi an gá atá ann ról níos leithne a thabhairt don tSín sa chóras idirnáisiúnta agus cuidítear léi leis an ról sin a shainiú; agus tá sí bunaithe ar chláir oibre dearfach comhpháirtíochta, in éineacht le bainistiú fiúntach éagsúlachtaí.
4. Tá an Chomhairle ag súil go mbeidh leas cómhalmartach ag roinnt le caidreamh an Aontais leis an tSín ar gach aon ghné. Tá caidreamh an Aontais leis an tSín prionsabalbhunaithe, praiticiúil agus pragmatach, agus té sé dílis dár luachanna agus dár leasanna. Tá an tAontas ag súil freisin go nglacfaidh an tSín freagrachtaí chuici féin i gcomhréir leis an tionchar domhanda atá aici agus go dtacóidh sí leis an ord idirnáisiúnta rialacha-bhunaithe as a mbaineann sise tairbhe chomh maith.

5. Cuireann an Chomhairle i bhfios go leanfaidh cur chun cinn chearta an duine agus an smachta reachta de bheith ina gcroíchuid den chaidreamh atá ag an Aontas leis an tSín. Is cúis mhór inní i gcónaí é go bhfuil cosantóirí chearta an duine, dlíodóirí, iriseoirí agus cosantóirí ceart saothair, mar aon lena dteaghlaigh, fós á gcoinneáil agus á gciapadh. Leanfaidh an tAontas d'áitiú ar an tSín a hoibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, cloí le caighdeáin idirnáisiúnta, agus a coimircí bunreachtúla féin agus an gealltanas a dhearbhaigh sí maidir le seasamh leis an smacht reachta a urramú. Leanann an Chomhairle d'iarraidh ar an tSín timpeallacht atá sábháilte cumasaithe a áirithiú don tsochaí shibhialta – lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) eachtracha – agus cearta daoine a bhaineann le mionlaigh, ach go háirithe iad siúd sa Tibéid agus sna Tiarnais Nua, a chosaint.
6. Dearbhaíonn an Chomhairle beartas "Sín Amháin" an Aontais. Leanfaidh an tAontas de thacú leis an Dlí Bunúsach agus leis an bprionsabal "Tír Amháin, Dhá Chóras" a chur chun feidhme go hiomlán i Hong Cong agus in Macau. Dearbhaíonn an Chomhairle a thiomantas leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar an gcaidreamh atá aige leis an Téaváin agus tacú leis na luachanna comhroinnte atá mar bhuntaca dá córas rialachais. Tacóidh an tAontas go gníomhach le forbairt thairbheach a dhéanamh ar an gcaidreamh tras-Chaolais mar chuid d'fhorbairt shíochánta réigiún na hÁise agus an Aigéin Chiúin.
7. Is é an príomhchuspóir atá ag an Aontas chun an caidreamh eacnamaíoch atá aige leis an tSín a dhoimhniú agus a athchothromú comhaontú cuimsitheach maidir le hinfheistíocht. Creideann an Chomhairle go gcruthófaí deiseanna nua margaidh dá dtabharfadh an tSín faoi athchóirithe a bheadh níos uailmhianaí chun an geilleagar a liobrálú, chun an ról atá ag an earnáil atá faoi úinéireacht an stáit a laghdú agus chun cothroime iomaíochta a chruthú do ghnó. Tar éis comhaontú cuimsitheach uailmhianach maidir le hinfheistíocht a chur i gcrích, d'fhéadfaí go mbeadh an dá thaobh in ann, ach na coinníollacha cearta a bheith in ann, uailmhianta níos leithne, amhail comhaontú saorthrádála, a shamhlú san fhadtéarma. Agus leas á bhaint as na forálacha infheistíochta atá faoi chaibidil leis an tSín, breathnóidh an tAontas ar chaibidlíocht maidir le hinfheistíocht a sheoladh le Hong Cong agus leis an Téaváin. Tá an Chomhairle ag súil go dtabharfar i gcrích go pras comhaontú maidir le táscairí geografacha bunaithe ar na leibhéil is airde cosanta idirnáisiúnta.

8. Is díol sásaimh don Chomhairle infheistíocht tháirgiúil ón tSín san Eoraip, ar an gcoinníoll go mbíonn sí i gcomhréir le beartais agus le reachtaíocht an Aontais. Ba cheart go dtiocfadh deiseanna nua don chomhar maidir le gach gné den infheistíocht as an bPlean Infheistíochta don Eoraip. Ba cheart don tSín raon feidhme na n-athbhreithnithe sin ar infheistíochtaí an Aontais sa tSín a bhaineann leis an tslándáil a theorannú go dtí saincheisteanna a bhfuil inní dhlisteanach faoin tslándáil náisiúnta ag gabháil leo, agus go dtí na saincheisteanna sin amháin. Ar bhonn na cómhalartachta, tá an tAontas ag súil go mbeidh infheistíocht dhíreach thar lear na Síne san Eoraip bunaithe ar phrionsabail an saormhargaidh, agus díreoidh sé ach go háirithe ar na suaití margaidh agus ar rioscaí eile a d'fhéadfadh teacht as an infheistíocht ó ghnóthais a bhaineann tairbhe as fóirdheontais agus as buntáistí eile arna gcur ar fáil ag an stát.
9. Tá an Chomhairle an-bhuartha faoin gcumas iomarcach i roinnt earnálacha tionsclaíoch sa tSín, go háirithe táirgeadh cruach. Tá an tAontas ag súil go ngearrfaidh an tSín siar go sonrach agus ar bhealach infhíoraithe ar an gcumas iomarcach tionsclaíoch, bunaithe ar chlár soiléir ama de ghealltanais agus ar shásra neamhspleách meastóireachta, faoi mar a mhol an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE). Ba cheart do thionscnaimh na Síne i ndáil lena gilleagar a uasghrádú a bheith bunaithe ar thrédhearcacht, ar oscailteacht agus ar an gcóir chomhionann i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh.
10. Spreagann an Chomhairle neartú an chomhair sa taighde agus sa nuálaíocht leis an tSín. Leis an gcomhar maidir leis an ngeilleagar digiteach, ba cheart leas a bhaint as an bhfás trí mhargaidh oscailte, trí chomhchaighdeáin agus tríd an taighde comhphárteach. Beidh sé ina réamhriachtanas i gcónaí don chomhar leantach go ndéanfar cothroime iomaíochta a áirithiú, lena n-áirítear rochtain fhrithphárteach ar chlár taighde agus ar acmhainní airgeadais. Déanfaidh an tAontas agus a chuid Ballstát an comhar leis an tSín a threisiú maidir le cosaint agus le forfheidhmiú ceart maoin intleachtúla agus atreiseoidh siad bearta chun cur i gcoinne na gadaíochta cibearchumasaithe de mhaoin intleachtúil nó de rúin trádála.

11. Ba cheart an tArdán Nascachta idir an tAontas agus an tSín a chur i bhfeidhm go hiomlán go luath agus go n-úsáidfear é chun sineirgí a chruthú idir tionscnaimh an Aontais agus tionscnaimh de chuid na Síne agus chun deiseanna a thapú chun na naisce iompair, seirbhísí agus bhonneagair a fheabhsú idir an Eoraip agus an Áise, go háirithe trí oibriú mar thosaíocht le chéile chun teacht ar chomhaontú faoin liosta de threoirhionscadail agus faoi shainaithint na ngníomhaíochtaí tosaíochta. Le creataí comhair foréigiúnacha, amhail an tSín-TELT (Tíortha na hEorpa Láir agus Thoir), beidh sé mar aidhm sineirgí den sórt sin a chruthú freisin i gcomhréir le beartais agus le reachtaíocht an Aontais. Tacaíonn an Chomhairle le comhar leis an tSín maidir lena tionscnamh "Crios amháin, Bóthar amháin" ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh an tSín an sprioc a d'fhógair sí ardán oscailte a dhéanamh de a chloífidh le rialacha an mhargaidh, le ceanglais agus le caighdeáin an Aontais agus le ceanglais agus le caighdeáin idirnáisiúnta, agus a chomhlánóidh beartais agus tionscadail an Aontais, d'fhonn go rachaidh sé chun tairbhe do na páirtithe uile lena mbaineann agus do na tíortha uile ar na bealaí atá beartaithe.
12. Ba cheart caidrimh idir daoine san eolaíocht, san oideachas, sa chultúr, sa tsláinte, san óige, sa spórt agus i réimsí eile a phríomhshruthú síos tríd an gcaidreamh idir an tAontas agus an tSín d'fhonn cuidiú le forbairt na sochaí sibhialta sa tSín agus d'fhonn tacú le haistriú na Síne chuig múnla shóisialta agus eacnamaíoch a bheidh níos inbhuanaithe agus níos cuimsithí. A luaithe agus a ghlacfar go rathúil na chéad chéimeanna chun an tsoghluaiseacht a éascú, chun an imirce neamhdhleathach a chomhrac agus chun filleadh imircigh neamhrialta a éascú, ba cheart don Aontas agus don tSín bogadh ar aghaidh leis an gcaibidlíocht ar chomhaontuithe maidir le héascú víosaí agus maidir leis an gcomhoibriú i gcoinne na himirce neamhdhleathaí, lena n-áirítear an t-athligean isteach.
13. Lorgóidh an tAontas clár oibre níos leithne don bheartas eachtrach i ndáil leis an gcomhar leis an tSín agus spreagfaidh sé rannpháirtíocht chuiditheach ghníomhach na Síne i dtaobh an tslándáil a chur ar fáil mar leas poiblí domhanda. Iarrann an Chomhairle ar an tSín a bheith rannpháirteach ar bhealach comhsheasmhach i bpróisis maidir le coinbhleachtaí idirnáisiúnta a réiteach chun a cuid freagrachtaí mar bhall buan de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh. Ag teacht as an gcaidreamh cuiditheach a bhí ann idir an tSín agus an tAontas agus an socrú maidir leis an Iaráin á chaibidliú, lorgóidh an tAontas comhar gníomhach leis an tSín, go háirithe maidir leis an Afganastáin, Maenmar, an tSiria, Libia agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, le dúshlán na himirce agus maidir leis an Meánoirthear.

14. Ba cheart don Aontas oibriú leis an tSín chun a áirithiú go ndéanfar an rialachas riailbhunaithe, an fhorbairt inbhuanaithe agus an tslándáil réigiúnach a atreisiú le rannpháirtíocht na Síne i gcomharsanacht thoir agus theas an Aontais agus san Áise Láir.
15. Beidh beartais an Aontais maidir leis an tSín ina chuid de chur chuige cothromaithe beartais maidir le réigiún na hÁise agus an Aigéin Chiúin, ina gcuirfear san áireamh go hiomlán dlúthchaidreamh an Aontais le comhpháirtithe amhail na Stáit Aontaithe, an tSeapáin, an Chóiré, tíortha Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN), an Astráil, an Nua Shéalainn agus tíortha eile, chomh maith le bun an Aontais i slándáil na hÁise.
16. Aithníonn an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát, mar pháirtithe conarthacha i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS), an Dámhachtain a bhronn an Chúirt Eadrána, agus iad tiomanta d'ord dlíthiúil de chuid na bhfarraigí agus na n-aigéan a choimeád ar bhonn phrionsabail an dlí idirnáisiúnta, UNCLOS, agus do dhíospóidí a réiteach ar bhealach síochánta.

Ní ghlacann an tAontas chuige seasamh maidir le gnéithe ceannasachta a bhaineann le héilimh. Cuireann sí in iúl gur gá do na páirtithe sa díospóid teacht ar réiteach uirthi trí mhodhanna síochánta, chun a gcuid éileamh a shoiléiriú agus chun iad a shaothrú agus an dlí idirnáisiúnta á urramú agus i gcomhréir leis an dlí sin, lena n-áirítear an obair faoi chuimsiú UNCLOS.

Meabhraíonn an tAontas go rannchuidítear, leis na sásraí maidir le réiteach díospóidí dá bhforáiltear faoi UNCLOS, le cothabháil agus le cur chun cinn an oird idirnáisiúnta ar bhonn an Smachta Reachta agus go bhfuil siad bunriachtanach chun díospóidí a réiteach.

Cuireann an tAontas Eorpach béim freisin ar a bhuntábhachtaí atá sé go gcaomhnófaí na saoirsí, na cearta agus na dualgais a bhunaítear in UNCLOS, go háirithe na saoirsí loingseoireachta agus traseitilte.

Tá an tAontas ag súil go dtabharfar na cainteanna i gcrích go gasta a bhfuil sé mar aidhm leo go mbunófaí Cód Iompair éifeachtach idir ASEAN agus an tSín lena gcuirfí Dearbhú 2002 maidir le hIompar na bPáirtithe i Muir na Síne Theas chun feidhme.

Ag meabhrú dó an ráiteas a rinne sé ar an 11 Márta 2016, iarrann an tAontas ar na páirtithe lena mbaineann aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna gaolmhara eile agus orthu siúd atá fós ann tríd an gcaibidlíocht agus trí mhodhanna eile síochánta agus staonadh ó ghníomhaíochtaí ar dócha go gcuirfi le teannas leo. Mar chomhalta d'Fhóram Réigiúnach ASEAN (FRA) agus mar Ardpháirtí Conarthach i gConradh Cairdis agus Comhair san Áise Thoir Theas de chuid 1976, is mian leis an Aontas freisin "an comhar a chothú chun an tsíocháin, an tsíth agus an chobhsaíocht sa réigiún a chothú". Dá bhrí sin, tá an tAontas réidh chun gníomhaíochtaí a éascú lena gcuideofar le muinín idir na páirtithe lena mbaineann a chothú.

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go n-oibreodh na Stáit uile le chéile chun éiceachóras na mara a chosaint atá i mbaol cheana féin mar thoradh ar dhlús a bheith curtha leis an trácht muirí agus leis an dreidireacht, ach, ag an am céanna, leanfaidh an tAontas agus a chuid Ballstát den Idirphlé Ardleibhéil a eagrú maidir leis an gComhar Slándála Muirí mar aon leis an malartú dea-chleachtas i ndáil le hacmhainní comhroinnte, amhail iascach, agus maidir le bearta fothaithe acmhainní chomh maith.

17. Tacaíonn an Chomhairle le hidirphlé rialta suntasach idir an tAontas agus an tSín, chun teacht ar chomhdhearcaidh, i gcomhar leis na Ballstáit, maidir leis an dí-armáil, an neamhleathadh, an fhrithsceimhlitheoireacht, an imirce agus an chibearshlándáil. Níl aon athrú ar sheasamh an Aontais maidir leis an trádbhac arm.
18. Aontaíonn an Chomhairle go bhfuil acmhainneacht bhreise ann an comhar slándála agus cosanta idir an tAontas agus an tSín a leathnú agus tacaíonn sí le tuilleadh oibre i ndáil leis sin, go háirithe san Afraic, lena n-áirítear comhar rathúil amach ón gcósta idir an tAontas agus an tSín maidir leis gcomhrac i gcoinne na píoraídeachta a leathnú chun go mbeidh sí i bhfeidhm i ndáil leis an tsíochánaíocht agus leis an bhforbairt acmhainní ar an talamh slán.

19. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an tSín ag rannchuidiú níos mó agus níos mó chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda amhail an fhorbairt inbhuanaithe, an t-athrú aeráide, an tslándáil fuinnimh, an comhshaol agus an tsláinte, agus formhuiníonn sí na tograí a rinneadh sa teachtaireacht chomhpháirteach maidir leis an gcomhar idir an tAontas agus an tSín a neartú sna réimsí sin. Cuireann an Chomhairle i bhfios go dtugtar comhspríoc don Aontas agus don tSín le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe i ndáil le díothú na bochtaineachta agus an fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach do chách trí institiúidí éifeachtacha, dea-rialachas, an smacht reachta agus sochaithe síochánta. Cuireann an tAontas i bhfios go bhfuil comhpháirtíocht chomhoibríoch leis na geallsealbhóirí ábhartha go léir riachtanach d'fhonn an clár oibre a chur chun feidhme go héifeachtach.
20. Spreagfaidh an tAontas an tSín chun rannchuidiú níos mó le hiarrachtaí idirnáisiúnta chun dul i ngleic le géarchéim na ndéanaithe agus na himirce, lena n-áirítear trí chur ar ais na n-imirceach neamhrialta a éascú.
21. Ag cur leis na torthaí a bhí ar Uachtaránacht G20 na Síne, oibreoidh an tAontas i gcomhar leis an tSín i réimsí amhail cur chun feidhme straitéisí G20 le haghaidh fáis, lena n-áiríteofar fás láidir inbhuanaithe cothrom, chomh maith le margáí airgeadais domhanda a bheidh athléimneach, lena gcuirfear chun cinn beartas idirnáisiúnta cánach, an comhordú agus infheistíocht i mbonneagar idirnasctha, agus lena dtabharfar aghaidh ar an athrú aeráide agus ar mhaoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide, déanaithe agus an imirce, an tsláinte agus gealltanais dhomhanda i ndáil leis an bhfrithéilliú. Spreagann an tAontas an tSín chun baint níos mó a bheith aige agus ról níos gníomhaí a ghlacadh san Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus i dtionscnaimh trádála agus infheistíochta iltaobhacha agus ilpháirtí agus chun freagrachtaí a glacadh uirthi féin i gcomhréir leis na tairbhí a fhaigheann sí ó chóras oscailte trádála, rud a chuirfeadh le neart na dtionscnamh sin.
22. Beidh guth láidir soiléir aontaithe ag an Aontas ina chur chuige i dtaobh na Síne de. Agus iad ag plé leis an tSín, comhoibreoidh na Ballstáit, an tArdionadaí agus an Coimisiún d'fhonn comhsheasmhacht a áirithiú le dlíthe, le rialacha agus le beartais an Aontais agus d'fhonn a áirithiú go mbeidh an toradh ar deireadh chun leas an Aontais ina iomláine.



23. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún leanúint ar aghaidh leis an obair maidir le cur chun feidhme na dtosaíochtaí a saináithníodh sa teachtaireacht chomhpháirteach agus sna conclúidí seo ón gComhairle, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. Déanfar athbhreithniú ar chur chun feidhme straitéis an Aontais i ndáil leis an tSín chomh rialta agus is gá sa Chomhairle Gnóthaí Eachtracha agus i bhfoirmíochtaí ábhartha eile na Comhairle.
-